

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

**Tuarascáil Bhliantúil
2010/11**

Clár Ábhair

(Is é seo an cúigiú tuarascáil bhliantúil de chuid Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Cuimsíonn an tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2010 go dtí an 31 Lúnasa 2011)



1. Réamhrá

- 1.1 Ráiteas an Chathaoirligh**
- 1.2 Ráiteas an Uachtaráin**
- 1.3 Bunú na hInstitiúide**
- 1.4 Ráiteas Misin na hInstitiúide**



2. Rialachas

- 2.1 An Bord Rialaithe**
- 2.2 Foireann Sinsir**



3. Foireann Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn

- 3.1 An Chomhairle Acadúil**
- 3.2 Forbairtí Acadúla**
- 3.3 Cláir Cheadaithe**
- 3.4 Scrúdaitheoirí Seachtracha**
- 3.5 Staitisticí maidir le Mic Léinn**
- 3.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí, agus Gnóthachtálacha na Mac Léinn**
- 3.7 Seirbhísí agus Áiseanna do Mhic Léinn**



4. Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

- 4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha**
- 4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha**
- 4.3 Forbairt an Champais**
- 4.4 Bainistíocht Sábháilteachta**



[Redacted]

5. Pearsanra

5.1 Líon na mBall Foirne

5.2 Gnóthachtálacha Foirne

[Redacted]

6. Tuarascáil Airgeadais

[Redacted]

7. Comhionannas Deiseanna

[Redacted]

Aquisín A.I

Achoimre ar Ráitis Airgeadais 2011/2012

1. Réamhrá

1.1 Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil don bhliain acadúil 2011–2012 a chur i láthair. Cuirim fáilte roimh an deis aird a dhíriú ar na forbairtí leanúnacha ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire an bhliain seo caite.

Maidir le cúrsaí acadúla, éacht a baineadh amach go luath sa bhliain arbh ea gur dheonaigh HETAC Údarás Tarmlichte i gcomhair cáilíochtaí i ndáil le Cláir Mhúinte Leibhéal 9. Tháinig sé sin sna sála ar Athbhreithniú Institiúideach rathúil ag tús na bliana 2011.

Chuaigh an Institiúid i ngleic go gníomhach le linn na bliana le forbairtí ar an Straitéis Ardoideachais agus ar thodhchaí an oideachais tríú leibhéal go ginearálta. Bhí an Institiúid páirteach i bplé le UCD faoi ghníomhaíochtaí comhphárteacha féideartha, faoi bhraislí agus faoi Mheabhrán Tuisceana a fhorbairt. Chuir an Institiúid isteach a cuid tograí mar fhreagra ar an doiciméad ‘Towards the Future Higher Education Landscape’ de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas i mí Iúil 2012 agus tá sí fós páirteach go hiomlán in Athbhreithniú an Údaráis um Ard-Oideachas ar na hEalaíona Cruthaitheacha agus ar Oideachas Meán i Réigiún Bhaile Átha Cliath. Tá an Institiúid ag tnúth le foilsiú tograí an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le hathchumrú an Tírdhreacha Ardoideachais.

Thar ceann an Bhoird Rialaithe agus na hInstitiúide, is mian liom ár ndíomá a chur in iúl i ndáil le cinneadh an Rialtais dámhadh an chonartha le haghaidh trí fhoirgneamh nua a fhorbairt don Institiúid a chur siar ar feadh tréimhse éiginnte. Tá iarmhairtí forleathana ag an gcinneadh sin don Institiúid agus dá cumas fás agus forbairt sna blianta amach romhainn, go háirithe agus muid ag dul i mbun forbartha ar straitéis nua chúig bliana don Institiúid.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d’obair, do thacaíocht agus do thiomantas mo chomhchomhaltaí ar an gComhlacht Rialaithe i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill foirne na hInstitiúide as a dtiomantas agus a ndíograis i leith na hInstitiúide agus ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leo as a gcuid éachtaí i rith na bliana.

Ina theannta sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mic léinn na hInstitiúide. Is a bhuíochas leis na mic léinn sin gur áit chomh bríomhar agus chomh cruthaitheach í.

Rónán Ó Muirthile
Cathaoirleach

1.2 Ráiteas an Uachtaráin

Ba bhliain dhúshlánach agus spreagúil í an bhliain acadúil 2011/12 d’Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. In 2012, rinneadh comóradh ar 15 bliana ar an bhfód againn mar Institiúid Teicneolaíochta, cúig

bliana déag inar mhéadaigh líon na mac léinn san Institiúid ó 500 mac léinn go dtí beagnach 2,500 mac léinn, a bhfuil próifíl láidir náisiúnta agus idirnáisiúnta acu.

Trí chaighdeán ár gclár agus na foirne, mar aon lenár gcomhpháirtithe Erasmus agus ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, leantar ar aghaidh ag cinntiú gur maith atá ár gcéimithe suite chun cur le forbairt shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach na hÉireann.

Bhí roinnt éachtaí móra i gceist don Institiúid le linn 2011/12. Bhaineamar amach Údarás Tarmligthe dár gCláir Mháistreachta mhúinte, éacht a léiríonn ábharthacht agus caighdeán ár soláthair iarchéime. Bhain dhá cheann dár gcláir fochéime amach creidiúnú agus aitheantas leanúnach ó chomhlachtaí gairmiúla agus molaimid iad as ucht a gcuid éachtaí.

Leanadh leis an bhforbairt ar ár naisc Erasmus agus ár naisc idirnáisiúnta, lena n-áirítear forbairt caidrimh le coláistí i dToronto Cheanada. Rinneadh Athbhreithniú Institiúideach rathúil ar Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire in 2011; ina dhiaidh sin, chuireamar i gcrích athstruchtúrú mór inmheánach i mbliana lena ndearnadh an Institiúid a athshuí, éifeachtúlachtaí a chruthú, agus deiseanna a chur i láthair le haghaidh obair thras-dhisciplíneach agus comhpháirtíochtaí nua.

I mbliana, tá an Tionscadal Líníochta forbartha ag an Institiúid i lár Dhún Laoghaire. Ionad is ea é do mhúineadh na Líníochta ar fud na ndisciplíní agus le haghaidh tionscadail agus taispeántais chomhoibríocha a chur ar bun.

Leanadh leis an bhforbairt ar ár gcuid comhpháirtíochtaí le hInstitiúidí Ardoideachais eile agus le lucht Tionscail, agus muid rannpháirteach go gníomhach i ndíospóireachtaí náisiúnta ar straitéis nua don Ardoideachas. Leanann an Institiúid ag mealladh baill foirne agus mic léinn thiomanta agus chruthaitheacha, agus ag dul i ngleic leis na dúshláin atá amach romhainn ar bhealach dearfach.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair chrua, do chruthaitheacht agus do thiomantas bhaill foirne agus mhic léinn na hInstitiúide i rith na bliana.

1.3 Bunú na hInstitiúide

Dheonaigh an tAire Oideachais, Niamh Bhreathnach, T.D. stádas féinrialaitheach ar Choláiste Ealaíne agus Deartha Dhún Laoghaire, comhcholáiste de chuid Choiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire, de réir Achtanna na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992-1994 le héifeacht ó 1 Aibreán 1997. D'athraigh an Coláiste a ainm trí Ordú ón Aire go dtí Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire le héifeacht ó 8 Eanáir 1998.

1.4 Ráiteas Misin na hInstitiúide

Fís:

A Bheith ar thús cadhnaíochta na múinteoireachta, an taighde agus na nuálaíochta ag coinbhéirseacht na n-ealaíon, na teicneolaíochta agus an fhiontair, agus cur le forbairt na hÉireann mar gheilleagar cruthaitheach eolasbhunaithe.

Misean:

Is é misean Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire an cháil atá uirthi a choimeád agus a fheabhsú mar an rogha coláiste inár limistéir speisialaithe. Bainfear é seo amach trí chlár ghairmiúla atá bainteach leis an tionsclaíocht, chomh maith le cur chuige nuálaíoch i leith na múinteoireachta, na foghlama agus an mheasúnaithe a chur ar fáil, agus trí thabhairt faoi thaighde, fhorbairt fiontair agus nuálaíochta.

Léireoidh ár mic léinn agus ár mbaill foirne ilchineálacht na hÉireann nua agus beidh go leor daoine nach Éireannaigh iad ina measc. Beidh ár gcuid céimithe ar a lánchumas cur le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha. Agus borradh suntasach tagtha ar ár líon, beidh an Institiúid ina lárionad don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus beidh sí aitheanta mar pháirtí tábhachtach i bhforbairt beartas agus an tionscail, agus mar chomhpháirtí comhoibritheach don tionscal agus d'institiúidí ardoideachais eile.

2. Rialachas

2.1 An Comhlacht Rialaithe

2.1.2 An Comhlacht Rialaithe – amhail an 31 Lúnasa, 2012

Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna an cúigiú Comhlacht Rialaithe de chuid Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire ar feadh téarma cúig bliana ón 1 Aibreán 2011. Ceaptar an bheirt ionadaí de chuid na mac léinn ar feadh tréimhse bliana suas go dtí an 30 Meitheamh gach bliain. Tháinig an Comhlacht Rialaithe le chéile 10 n-uaire sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2011 go dtí 31 Lúnasa, 2012.

| <u>Ainm an Chomhalta</u> | <u>Líon na gCruinnithe ar Freastalaidh orthu</u> |
|--|--|
| An tUasal Rónán Ó Muirthile (Cathaoirleach) [<i>ceaptha an 19 Meán Fómhair 2011</i>] | 8 |
| An Dr Annie Doona (Uachtarán) | 10 |
| An Comh. Niamh Bhreathnach (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire) [Leas-Chathaoirleach] | 8 |
| An Comh. Donal Marren (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire) | 7 |
| An Comh. Stephen Fitzpatrick (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire) | 7 |
| An tUasal Tom Taylor (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire) | 5 |
| An Dr Tim Jackson (Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath) | 9 |
| Eleanor Roche Uasal (Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Mhantáin) | 6 |
| An tUasal Pearse Connolly (ICTU) | 8 |
| Clíodhna Shaffrey Uasal (An Chomhairle Ealaíon) | 9 |
| Clodagh Whelan Uasal (Fiontraíocht Éireann) | 7 |
| Eavann Murphy Uasal (Vodafone Ireland) [<i>ceaptha an 7 Iúil, 2011</i>] | 6 |
| An tUasal Cormac Shaw (Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath) [<i>ceaptha an 18 Samhain, 2011</i>] | 6 |
| Siobhán Bourke Uasal (Bord Scannán na hÉireann) | 7 |
| An tUasal Barry Dignam (Foireann Acadúil) | 7 |
| An Dr Dióg O'Connell (Foireann Acadúil) | 9 |
| An tUasal Derek Larkin (Foireann Neamh-Acadúil) | 10 |

Comhaltaí Mac Léinn den Chomhlacht Rialaithe (ceaptha ar bhonn bliantúil)

| | |
|--|-----|
| Lisa Murphy Uasal [<i>an 1 Iúil 2011 go dtí an 30 Meitheamh, 2012</i>] | 8 |
| An tUasal David Edwards [<i>an 1 Iúil 2011 go dtí an 30 Meitheamh, 2012</i>] | 8 |
| Marie Farrell Uasal [<i>an 1 Iúil 2012 go dtí an 30 Meitheamh, 2013</i>] | n/b |
| An tUasal Eoin Dixon Murphy [<i>an 1 Iúil 2012 go dtí an 30 Meitheamh, 2013</i>] | n/b |

2.2 Foireann Shinsearach (amhail an 31/08/12)

| | |
|---|-------------------------|
| Uachtarán | An Dr Annie Doona |
| Cláraitheoir | An Dr Marian O'Sullivan |
| Rúnaí/Rialtóir Airgeadais | Bernard Mullarkey |
| Ceann Forbraíochta | Folamh |
| Ceann Scoil na nEalaíon Cruthaitheach (Gníomhach) | Donald Taylor Black |
| Ceann Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha | Andrew Power |
| Ceann Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí | An Dr Josephine Browne |
| Ceann Roinn na hEalaíne agus an Deartha | Liam Doona |
| Ceann Roinn na Scannán agus na Meán | Donald Taylor Black |
| Ceann Roinn na nEolaíochtaí Foghlama | An Dr Marion Palmer |
| Ceann Roinn na Teicneolaíochta | An Dr Mark Riordan |
| Ceann Roinn an Ghnó agus na Fiontraíochta (Gníomhach) | Therese Moylan |
| Ceann Roinn na nDaonnachtaí | An Dr Paula Gilligan |
| Leabharlannaí | Deirdre Judge |
| Bainisteoir Acmhainní Daonna | Kevin Browne |
| Bainisteoir T.F. | Colm Hennessy |
| Bainisteoir na nEastát agus na Saoráidí | Grace Weldon |
| Bainisteoir Airgeadais | Conor Logan |
| Bainisteoir an Riaracháin Acadúil agus Ghnóthaí na Mac Léinn | David Doyle |
| Bainisteoir na gComhpháirtíochtaí Oideachais agus Seirbhísí do Mhic Léinn | Tara Ryan |
| Bainisteoir na Nuálaíochta, na Tráchtálaíochta agus na Forbartha | Dominic Mullan |
| Stiúrthóir Cruthaitheach, An Scoil Scannán Náisiúnta | Donald Taylor Black |

3. An Fhoireann Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn

3.1 An Chomhairle Acadúil

3.1.1 Ceapann an Chomhairle Rialaithe an Chomhairle Acadúil ar feadh téarma trí bliana. Tagann an Chomhairle Acadúil le chéile trí huair ar a laghad sa bhliain agus is ionann an córam agus aon trian den chomhaltas. D'fhaomh an Comhlacht Rialaithe togra i ndáil le comhaltas na Comhairle Acadúla a athnuachan ar an 4 Samhain 2009. Faomhadh athruithe ar chomhaltas na bhFochoistí éagsúla freisin.

3.1.2 Chuir an Chomhairle Acadúil na Fochoistí seo a leanas ar bun:

- An Fochoiste Bailíochtú Clár
- An Fochoiste Pleanála Acadúla, Comhordaithe agus Athbhreithnithe
- An Fochoiste um Thaighde agus Fhorbairt
- Fochoiste na Leabharlainne (An Fochoiste Leabharlainne, Faisnéise agus Acmhainní Foghlama roimhe seo)
- An Fochoiste Teagaisc agus Foghlama
- An Fochoiste um Fheabhsú Cáilíochta
- An Fochoiste Smachta
- Fochoiste na nAchomharc

3.1.3 Is é seo a leanas comhaltas na Comhairle Acadúla amhail an 31 Lúnasa 2012:

Comhaltaí ex officio

Ainm

Teideal

| | |
|-------------------------|---|
| An Dr Annie Doona | An tUachtarán agus an Cathaoirleach |
| An Dr Marian O'Sullivan | Cláraitheoir |
| An Dr Josephine Browne | Ceann Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí |
| Donald Taylor Black | Ceann Scoil na nEalaíon Cruthaitheach (Gníomhach) |
| David Doyle | Bainisteoir an Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí na Mac Léinn |
| Deirdre Judge | Leabharlannaí |
| Lisa Murphy | Oifigeach Oideachais, Aontas na Mac Léinn |

Comhaltaí tofa

Ainm

Teideal

| | |
|--------------------|---|
| Paul Gregg | Scoil na nEalaíon Cruthaitheach |
| Thomas Kennedy | Scoil na nEalaíon Cruthaitheach |
| David Quin | Scoil na nEalaíon Cruthaitheach (freastal páirtaimseartha) |
| Therese Moylan | Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí |
| Maria Parsons | Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí |
| Stephen Boyd | Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí (freastal páirtaimseartha) |
| An Dr John Greaney | Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha |
| An Dr Mark Riordan | Ceann Roinn na nEolaíochtaí Foghlama |
| John Dempsey | Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha |
| Timm Jeschawitz | Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha |
| John Dempsey | Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha |
| Conor O'Reilly | Ionadaí Aontas na Mac Léinn |
| Niamh Devereux | Ionadaí Aontas na Mac Léinn |

3.2. Forbairtí Acadúla

Cláir Nua atá Faofa ag an gComhairle Acadúil faoi Údarás Tarmligthe

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i gCórais Mheán Digiteach
Teastas sa Mheasúnú agus sa Mheastóireacht
Teastas san Fhoghlaim arna Feabhsú ag an Teicneolaíocht

3.3. Cláir Fhaofa

3.3.1 Cláir Lánaimseartha – 2011/2012

Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha [*ceadaithe go deireanach Márta 2008*]
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan [*ceadaithe go deireanach Bealtaine 2009*]
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht

3.4. Forbairtí Acadúla

Cláir Nua atá Faofa ag an gComhairle Acadúil faoi Údarás Tarmligthe

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i gCórais Mheán Digiteach
Teastas sa Mheasúnú agus sa Mheastóireacht
Teastas san Fhoghlaim arna Feabhsú ag an Teicneolaíocht

3.5. Cláir Fhaofa

3.3.1 Cláir Lánaimseartha – 2011/2012

Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha [*ceadaithe go deireanach Márta 2008*]
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan [*ceadaithe go deireanach Bealtaine 2009*]
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht [*ceadaithe go deireanach Bealtaine 2009*]
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gCumarsáid Amhairc [*ceadaithe go deireanach Bealtaine 2009*]
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Chleachtas Amharcealaíon [*ceadaithe go deireanach Bealtaine 2009*]
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Léiriú i gcomhair Scannán agus Teilifíse [*ceadaithe go deireanach Bealtaine 2009*]

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Léirithe) *[ceadaithe go deireanach Márta 2009]*

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Feistis) *[ceadaithe go deireanach Márta 2009]*

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Smididh) *[ceadaithe go deireanach Márta 2009]*

Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse *[ceadaithe go deireanach ag HETAC in 2009]*

Máistir Ealaíon sa Chleachtas Amharcealaíon *[ceadaithe go deireanach Márta 2012]*

Máistir Ealaíon sa Léiriú Craolacháin i gcomhair Raidió agus Teilifíse *[ceadaithe go deireanach ag HETAC in 2009]*

Máistir Ealaíon trí Thaighde sna hEalaíona Cruthaitheacha *[ceadaithe go deireanach ag HETAC in 2007]*

Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc *[ceadaithe go deireanach Márta 2010]*

Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach *[ceadaithe go deireanach Márta 2010]*

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán agus Innealtóireacht Gréasáin *[ceadaithe go deireanach Márta 2010]*

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán agus Innealtóireacht Gréasáin (Forlíonadh) *[ceadaithe go deireanach Márta 2010]*

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach *[ceadaithe go deireanach Márta 2010]*

Máistir Eolaíochta trí Thaighde sna hEolaíochtaí Foghlama *[ceadaithe go deireanach ag HETAC in 2007]*

Máistir Ealaíon trí Thaighde sna hEolaíochtaí Foghlama *[ceadaithe go deireanach ag HETAC in 2007]*

Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí

Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht *[ceadaithe go deireanach Aibreán 2010]*

Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht *[ceadaithe go deireanach Aibreán 2010]*

Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht (Forlíonadh) *[ceadaithe go deireanach Aibreán 2010]*

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon *[ceadaithe go deireanach Aibreán 2010]*

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha *[ceadaithe go deireanach Aibreán 2010]*

Dioplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha *[ceadaithe go deireanach Aibreán 2010]*

Máistir Ealaíon trí Thaighde sna Daonnachtaí *[ceadaithe go deireanach ag HETAC in 2007]*

Máistir Ealaíon trí Thaighde sa Ghnó agus san Fhiontraíocht *[ceadaithe go deireanach ag HETAC in 2007]*

3.3.2 Cláir Pháirtaimseartha lena n-áirítear ACCS – 2011/2012

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Chleachtas Amharcealaíon (Modh ACCS) *[ceadaithe go deireanach Márta 2009]*

Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht (Solúbtha) *[ceadaithe go deireanach 2011]*

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha *[ceadaithe go deireanach Aibreán 2010]*

Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse *[ceadaithe go deireanach ag HETAC in 2009]*

Máistir Ealaíon in Ealaín na Meán Digiteach *[ceadaithe go deireanach ag HETAC in 2009]*

Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht *[ceadaithe go deireanach 2009]*

Máistir Eolaíochta in Eolaíocht na Meán Digiteach *[ceadaithe go deireanach ag HETAC in 2008]*

Teastas sa Chibirshíceolaíocht *[ceadaithe go deireanach Meitheamh 2010]*

Teastas san Fhorbairt Fiontar *[ceadaithe go deireanach Meitheamh 2010]*

Teastas in Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí *[ceadaithe go deireanach Meitheamh 2010]*

Teastas i Modhanna Taighde Idirlín *[ceadaithe go deireanach Deireadh Fómhair 2011]*

Teastas i bhForbairt Bogearraí Móibileacha (Android) *[ceadaithe go deireanach Deireadh Fómhair 2011]*

Teastas sa Trádáil Ghnó ar Líne *[ceadaithe go deireanach Meitheamh 2009]*

Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt *[ceadaithe go deireanach Meitheamh 2009]*

Cláir Nua Lánaimseartha ar fáil 2011/12

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Feistis)

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Smididh)

3.3.3 Teastas Cáilíochta Nua Sainchuspóra ar fáil 2011/12

Teastas san Fhorbairt Fiontar

Teastas i Modhanna Taighde Idirlín

Teastas i bhForbairt Bogearraí Móibileacha (Android)

Teastas sa Trádáil Ghnó ar Líne

3.6. Scrúdaitheoirí Seachtracha

3.4.1 Bliain Acadúil 2011/12

CLÁIR SA GHNÓ AGUS SNA DAONNACHTAÍ

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon

An tOllamh Chris Kemp
An tUasal Ger Long
An tUasal John Fogarty
An Dr Emer Ní Bhrádaigh

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha

An Dr John Ennis
An Dr Estella Tincknell
An Dr Derek Hand
An tOllamh Stephen Shapiro

Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht

An tUasal John Fogarty
An tUasal Adrian Payne
An tUasal Ger Long

Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht

An tUasal Adrian Payne
An tUasal Ger Long
An tUasal John Fogarty

Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht (Forlíonadh bliana lánaimseartha agus páirtaimseartha)

An Dr Denis Harrington
An tUasal Ger Long
An tUasal John Fogarty

Diplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha

An tOllamh Chris Kemp

Teastas i bhForbairt Fiontar (Cáilíocht Sainchuspóra)

An Dr Denis Harrington

Teastas sa Trádáil Ghnó ar Líne (Cáilíocht Sainchuspóra)

An Dr Denis Harrington

CLÁIR SNA TEICNEOLAÍOCHTAÍ CRUTHAITHEACHA

Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach

An tUasal Philip Bourke
An tUasal Colm Dunphy

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc

An Dr Andrew Donnellan

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach

An Dr Brian Hughes

An Dr Elizabeth Hellier

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán agus Innealtóireacht Gréasáin

An tUasal Colm Dunphy

An tUasal Philip Bourke

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán agus Innealtóireacht Gréasáin (Forlíonadh)

An tUasal Colm Dunphy

An tUasal Philip Bourke

Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht

An Dr Gary O'Reilly

An Dr Chris Fullwood

Teastas sa Chibirshíceolaíocht (Cáilíocht Sainchuspóra)

An Dr Chris Fullwood

Teastas in Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí (Cáilíocht Sainchuspóra)

An tUasal Colm Dunphy

Teastas i Modhanna Taighde Idirlín (Cáilíocht Sainchuspóra)

An Dr Chris Fullwood

Teastas i bhForbairt Bogearraí Móibíleacha [Android] (Cáilíocht Sainchuspóra)

An tUasal Philip Bourke

Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt (Cáilíocht Sainchuspóra)

An Dr Brian Hughes

CLÁIR SNA HEALAÍONA CRUTHAITHEACHA

Baitsiléir Ealaíon sa Dearadh i nDéanamh Samhaltán i gcomhair Scannán agus Meán

An tUasal Paul Wells

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan

An tUasal Paul Wells

Leonie Sharrock Uasal

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gCumarsáid Amhairc

An tUasal Adrian Shaughnessy
Liz Farrelly Uasal

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Léiriú i gcomhair Scannán agus Teilifíse

An Dr Paula Quigley
An tUasal Les Blair

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha

An tUasal Paul Wells
An tUasal Paul Johnson

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht

An tUasal Max Kandhola
An tOllamh Liz Wells

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Chleachtas Amharcealaíon (Lánaimseartha agus ACCS)

An Dr Susan Kelly
Fiona Barber Uasal

Máistir Ealaíon sa Léiriú Craolacháin (Raidió agus Teilifís)

An tUasal Martin Mahon
An tUasal Ronan Kelly

Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse

An tUasal Tony Tracy
An tUasal Mark O'Halloran

Máistir Ealaíon sa Chleachtas Amharcealaíon

Maxine Kopsa Uasal

3.5 Staitisticí maidir le Mic Léinn

3.5.1 Líon na Mac Léinn de réir Disciplín 2011/2012


| Disciplín | An chéad bhliain | Blianta Eile | Iomlán |
|--|------------------|--------------|--------|
| Ardteastas san Innealtóireacht i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc | - | 1 | 1 |
| Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach | 10 | 34 | 44 |
| Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc | 48 | 52 | 100 |
| Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht | 43 | 68 | 111 |
| Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha (lánaimseartha agus páirtaimseartha) | 32 | 70 | 102 |
| Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin – Léiriú | 9 | 37 | 46 |
| Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin – Feisteas | 9 | 9 | 18 |
| Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin – Smideadh | 9 | 8 | 17 |
| Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan | 30 | 86 | 116 |
| Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht | 31 | 73 | 104 |
| Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gCumarsáid Amhairc | 29 | 88 | 117 |
| Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Chleachtas Amharcealaíon | 43 | 132 | 175 |
| Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse | 30 | 91 | 121 |
| Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa tSiceolaíocht Fheidhmeach | 54 | 170 | 224 |
| Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán agus Innealtóireacht Gréasáin | 28 | 48 | 76 |
| Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán agus Innealtóireacht Gréasáin (Forlíonadh) | - | 10 | 10 |
| Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha (lánaimseartha agus páirtaimseartha) | 87 | 200 | 287 |
| Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon | 50 | 137 | 187 |
| Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht (lánaimseartha agus páirtaimseartha) | 45 | 127 | 172 |
| Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht (forlíonadh) | - | 24 | 24 |
| Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse (lánaimseartha agus páirtaimseartha) | - | 15 | 15 |
| Máistir Ealaíon sa Chleachtas Amharcealaíon | - | 17 | 17 |
| Máistir sa Léiriú Craolacháin i gcomhair Raidió agus Teilifíse | - | 15 | 15 |

| Disciplín | An chéad bhliain | Blianta Eile | Iomlán |
|---|------------------|--------------|-------------|
| Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Chleachtas Amharcealaíon (ACCS) | - | 19 | 19 |
| Dioplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha | - | 8 | 8 |
| Máistir Ealaíon in Ealaín na Meán Digiteach (páirtaimseartha) | - | 4 | 4 |
| Máistir Eolaíochta in Eolaíocht na Meán Digiteach (páirtaimseartha) | - | 3 | 3 |
| Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht (páirtaimseartha) | - | 13 | 13 |
| Teastas sa Chibirshíceolaíocht (Cáilíocht Sainchuspóra) | - | 6 | 6 |
| Teastas san Fhorbairt Fiontair (Cáilíocht Sainchuspóra) | - | 14 | 14 |
| Teastas in Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí (Cáilíocht Sainchuspóra) | - | 16 | 16 |
| Teastas i Modhanna Taighde Idirlín (Cáilíocht Sainchuspóra) | - | 11 | 11 |
| Teastas i bhForbairt Bogearraí Móibileacha (Android) [Cáilíocht Sainchuspóra] | - | 9 | 9 |
| Teastas sa Trádáil Ghnó ar Líne (Cáilíocht Sainchuspóra) | - | 16 | 16 |
| Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt (Cáilíocht Sainchuspóra) | - | 21 | 21 |
| IOMLÁN | 587 | 1652 | 2239 |

NB Ní chuirtear clárúcháin le haghaidh Máistrí Ealaíon ná Máistrí Eolaíochta trí Thaighde san áireamh sna figiúirí thuas


Clárú Mac Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéal Cáilíochta

| LEIBHÉAL NA CÁILÍOCHTA | FIR | MNÁ | IOMLÁN |
|----------------------------|-----|-----|--------|
| Gnáthchéim Bhaitsiléara | 76 | 25 | 101 |
| Céim Onóracha Bhaitsiléara | 213 | 273 | 486 |




Iomlán na Mac Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéal Cáilíochta

| LEIBHÉAL NA CÁILÍOCHTA | FIR | MNÁ | IOMLÁN |
|-------------------------------|-----|-----|--------|
| Gnáthchéim Bhaitsiléara | 196 | 59 | 255 |
| Céim Onóracha Bhaitsiléara | 842 | 925 | 1767 |
| Máistreacht/Diplóma Iarchéime | 16 | 36 | 52 |




Líon na Mac Léinn Páirtaimseartha Foriomlán de réir Leibhéal Cáilíochta

| LEIBHÉAL NA CÁILÍOCHTA | FIR | MNÁ | IOMLÁN |
|-------------------------------|-----|-----|--------|
| Céim Onóracha Bhaitsiléara | 24 | 24 | 48 |
| Máistreacht/Diplóma Iarchéime | 9 | 14 | 23 |
| Cáilíochtaí Sainchuspóra | 64 | 29 | 93 |



Céimithe 2011/12 de réir Leibhéal Cáilíochta *

| LEIBHÉAL NA CÁILÍOCHTA | FIR | MNÁ | IOMLÁN |
|----------------------------|-----|-----|--------|
| Ardeastas | 0 | 1 | 1 |
| Gnáthchéim Bhaitsiléara | 46 | 17 | 63 |
| Céim Onóracha Bhaitsiléara | 154 | 163 | 317 |
| Máistreacht | 30 | 45 | 75 |
| Diplóma Iarchéime | 9 | 4 | 13 |



* Searmanais bhronnta mhí na Samhna 2011 agus mhí Aibreáin 2012

3.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí, agus Éachtaí na Mac Léinn

3.6.1 Duaiseanna na Mac Léinn – 2011/2012

Gradam Ceardlainne Engage 2011 (Meán Fómhair 2011)

Bronnadh mórdhuais ar Rioghnach Ní Ghrioghair [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Léiriú i gcomhair Scannán agus Teilifíse 2009] as a tionscadal 'Death Rattle'.

Dámhachtainí na hInstitiúide Deartha (Deireadh Fómhair 2011)

Bronnadh an Gradam don Mhac Léinn is Fearr ar Emma Fenlon [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Léiriú i gcomhair Scannán agus Teilifíse 2011] le haghaidh tionscadail dá cuid agus bhain sí amach ardmholadh maidir le ceann eile.

Gradam Mac Léinn na Bliana Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha (Samhain 2011)

Bronnadh gradam 'Mac Léinn na Bliana' ar na mic léinn seo a leanas ó Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha ag an searmanas bronnta i Samhain 2011:

- Sarah Dennis [Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach]
- Michael Healy [Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc]
- Aoife Carrigan [Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheán agus Innealtóireacht Gréasáin]
- Rosemary Fitzgerald [Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach]
- Mary Aiken agus Nicola Fox [Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht]
- Kevin Power [Céim Mháistreachta trí Thaighde]

Tionscadal Mic Léinn na Bliana Ionad Oideachais na Carraige Duibhe (Samhain 2011)

Kevin Bent (Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheán agus Innealtóireacht Gréasáin) dá thionscadal dar teideal 'VideoLearn'.

Gradaim Bhoinn Óir Bhanc na hÉireann (Samhain 2011)

Bronnadh Gradaim Bhoinn Óir ar na mic léinn seo a leanas ag searmanas bronnta na bliana 2011:

- Andrew Lavelle [Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht]
- Denise Goslin [Baitsiléir Gnó [Onóracha] san Fhiontraíocht]
- Gráinne McLoughlin [Máistir Ealaíon i Staidéir Chultúr an Phobail]
- Richard Howard [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha]
- Enya Murray [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon]

Bronnadh Gradam don Sármhaitheas ar Linda Devlin [Diplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha].

Gradam Premier Foods (Samhain 2011)

Bronnadh Gradam um Bainistíocht Margaíochta Straitéisí ar Jamie Rohu [Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht] ag searmanas bronnta 2011 na hInstitiúide.

Gradaim na Mac Léinn de chuid Bhord Fiontar Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin (Samhain 2011)

Bronnadh Gradaim na Mac Léinn ar na mic léinn seo a leanas ag an searmanas bronnta i mí na Samhna 2010:

- Kate Roberts English [Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht] i gcomhair an Ghráid is Airde i mBainistíocht Fiontair
- Katie Treanor [Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht] i gcomhair an Mhairc is Airde san Fhiontraíocht
- Kate McLoughlin [Baitsiléir Gnó (Onóracha) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon] i gcomhair Éacht a Bhaint Amach sa Bhainistíocht Straitéiseach.

Gradaim IFTA (Feabhra 2012)

Bronnadh gradaim ar chéimithe seo a leanas na Scoile Scannán Náisiúnta ag an searmanas IFTA ar an 11 Feabhra, 2012:

- Bronnadh an gradam don Bheochan is Fearr ar Kealan O'Rourke [Diplóma Náisiúnta sa Chumarsáid Dearaidh 2000] (Igloo Films) le haghaidh 'The Boy in the Bubble'
- Bronnadh an gradam don Dearadh Léiriúcháin is Fearr (Dráma Scannáin/Teilifíse) ar Anna Rackard [Baitsiléir Ealaíon sa Staidéar Scannán/Fiseán 1994] (Newgrange Pictures) le haghaidh 'Stella Days'
- Bronnadh an gradam don Stiúrthóir Teilifíse is Fearr ar Gary Keane [Diplóma Náisiúnta sa Chumarsáid Dearaidh – Scannán/Fiseán 1992] (Real Films) le haghaidh 'The Writing in the Sky'
- Bronnadh an gradam don Chlár Spóirt is Fearr ar Maurice Sweeney [Baitsiléir Ealaíon sa Staidéar Scannán/Fiseán 1995] (Motive Television) as ucht 'Man on a Mission' a stiúradh
- Bronnadh an gradam don Chlár Fíorasach is Fearr ar Conor Morrissey [Diplóma Náisiúnta sa Chumarsáid Dearaidh – Scannán/Fiseán 1998] (Mind the Gap Films) as ucht 'The Only Viking in the Village' a stiúradh.

Gradaim Chomhdháil Bhliantúil na Mac Léinn de chuid Chumann Síceolaithe na hÉireann (Márta 2012)

Bronnadh gradaim ar na mic léinn seo a leanas ag Comhdháil Bhliantúil na Mac Léinn de chuid Chumann Síceolaithe na hÉireann ar an 24 Márta 2012:

- Bronnadh an Duais Fochéime ar Louise Cooper [Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach] le haghaidh a tionscadail 'Integrating Technology into Learning: the Effect on Primary School Students' Motivation and Learning Performance'.
- Bronnadh an dara duais ar David Steyaert [Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach] le haghaidh an Phóstaer ab Fhearr de chuid Fochéimí.
- Moladh Shula O'Dowd (Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht) go hard as a póstaer.

Dúshlán Gnó Domhanda CIMA (Meitheamh 2012)

Bhain foireann mac léinn, Mitzi Dalton, Tríona Sherlock, Jan Schneider [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon] agus Leigh Heritage agus Byron Smith [Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht] amach an dara háit, ar chomhchéim le foireann eile, i mbabhta ceannais Dhúshlán Gnó Domhanda CIMA.

Gradam Stiúrtóra Óig Cannes (Meitheamh 2012)

Bhuaigh Stevie Russell [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Léiriú i gcomhair Scannán agus Teilifíse 2008] an chéad duais ina chatagóir ag Gradam Stiúrtóra Óig na hEorpa de chuid Léiritheoirí Scannán tráchtála i Cannes le haghaidh a scannáin um an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre dar teideal 'RSA: Loaded Weapon'.

Féile Scannán *Imagine Science* UCD (Iúil 2012)

Bronnadh an chéad duais ar Evin O'Neill agus Niall Toners [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Léiriú i gcomhair Scannán agus Teilifíse, an 3ú Bliain] i bhFéile Scannán *Imagine Science* UCD – Comórtas Léirithe Eolaíochta.

Fleadh Scannán na Gaillimhe (Iúil 2012)

- Ba é Ciaran Foy [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Léiriú i gcomhair Scannán agus Teilifíse 2002] comhbhuaiateoir an Ghradaim don Chéad Phríomhscannán Éireannach is Fearr dá shaothar 'Citadel'.
- Bronnadh Gradam Donal Gilligan don Chineamatagrafaíocht Is Fearr ar James Mather [Baitsiléir Ealaíon sa Staidéar Scannán/Físeán 1995] le haghaidh 'The Hatch'.
- Bronnadh Gradam Tiernan MacBride (An Dráma Gearr is Fearr) ar Andrew Legge [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Léiriú i gcomhair Scannán agus Teilifíse 2001] le haghaidh 'The Girl with the Mechanical Maiden'.
- Bronnadh Gradam James Horan don Bheochan ar Conor Finnegan [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan 2010] le haghaidh 'Fear of Flying'.

Gradaim Náisiúnta Ealaíne na Mac Léinn de chuid an RDS (Lúnasa 2012)

Bronnadh Gradam Freyer ar Dominique Beyens [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht] ag Gradaim Náisiúnta Ealaíne na Mac Léinn de chuid an RDS le haghaidh saothair leis dar teideal 'Baile Átha Cliath'.

3.6.2 Éachtaí na Mac Léinn – 2011/2012

Príomhscannán Beoite Hollywood (Márta 2012)

Shínigh Warner Brothers conradh le **Kealan O'Rourke** [Diplóma Náisiúnta sa Chumarsáid Dearaidh 2000] chun príomhscannán beoite nua a scríobh agus a stiúradh – oiriúnú ar an úrscéal grafach 'Bolivar'.

Bhronn an IRCHSS maoiniú ar **Richard Howard** [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha 2011] chun PhD a chur i gcrích i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Bronnadh Scoláireacht ar **Stacey Grouden** [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha 2011] i gcomhair Máistreacht a Staidéar Scannán in UCD.

Glacadh le **Colm Whelan** [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha 2011] le haghaidh taighde PhD in OÉ Gaillimh agus ainmníodh é i gcomhair Comhaltacht Taighde.

Bronnadh Scoláireacht €30,000 ar **Sophie Reynolds** [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha 2010] chun tabhairt faoi Mháistreacht sa Dlí um Chearta an Duine le hOllscoil Birbeck i Londain.

Rinne **Darragh Bambrick** [Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Ciosamhairc 2006] stiúradh, siútáil agus eagarthóireacht ar shraith clár faisnéise sé chuid, dar teideal 'London Calling', a taispeánadh ar RTE i rith an tsamhraidh. Cuirtear síos sa tsraith ar 13 iomaitheoir Éireannacha a raibh súil acu ar na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha in 2012.

Roghnaíodh **Louise Brady** [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Chleachtas Amharcealaíon 2012] mar an cúigiú hIarchéimí Cónaitheach bliantúil ag Músaem Ealaíne Comhaimseartha na hÉireann (IMOCA), Baile Átha Cliath.

Bhronn Ollscoil Duke i Stáit Aontaithe Mheiriceá dámhachtain ar **Sinéad Maloney** [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha 2006] chun gabháil do chlár sa staidéar feimineach agus chuir sí tús lena PhD in UCD

3.6.3 Student Exhibitions – 2011/2012

Taispeántas de Thionscadail Líníochta (Márta 2012)

Bhí scoláirí Bhliain an Cháiliúcháin ón mBaitsiléir Ealaíon sa Chleachtas Amharcealaíon, i gcomhar le hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA), i mbun coimeádaíochta ar shaothair ó bhailiúchán IMMA lena dtaispeánt sa Tionscadal Líníochta. Mar chuid den taispeántas, roghnaigh comhaltaí de chuid Áras Nua-Ealaíne na hÉireann roinnt saothar ó mhic léinn Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire lena dtaispeánt taobh leis na saothair ó bhailiúchán an Árais Nua-Ealaíne.

Taispeántas um Dhéanamh Samhaltán agus Maisíochtaí Digiteacha (Aibreán 2012)

Chuir mic léinn na chéad bhliana de chéim an Bhaitsiléara Ealaíon i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha taispeántas dá gcuid saothar ar siúl sa *No Grants Gallery* i mBarra an Teampaill idir an 28 agus an 30 Aibreán.

Taispeántas 'RAW25' (Aibreán/Bealtaine 2012)

Chuir fiche a cúig mac léinn sa bhliain dheireanach de chéim an Bhaitsiléara Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht taispeántas dá gcuid saothar ar bun ag Stiúideonna Moxie, Baile Átha Cliath 2, taispeántas bhí urraithe ag Canon Ireland. Díriodh aird sa taispeántas ar thallanna Éireannacha agus idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn sa ghrianghrafadóireacht chomhaimseartha.

3.7 Seirbhísí agus Áiseanna do Mhic Léinn

3.7.1 An Coiste um Sheirbhísí do Mhic Léinn (CSML)

Bunaíodh an Coiste um Sheirbhísí do Mhic Léinn (CSML), a bhfuil idir mhic léinn agus bhaill foirne ina gcomhaltaí de, i nDeireadh Fómhair 1998 chun pleanáil, comhordú agus feidhmiú a dhéanamh ar chláir agus sheirbhísí éagsúla a ceapadh chun an deis a chur ar fáil do mhic léinn a ngealladh acadúil agus a ngealladh pearsanta iomlán a chomhlíonadh.

Tar éis cinnidh rialtais lenar foráladh do dheireadh a chur leis an Muirear Clárúcháin Mac Léinn, do thabhairt isteach Ranníocaíochta an Mhic Léinn agus do chur chun feidhme an Chreata um Dhea-Chleachtas maidir le Caitheamh le Ranníocaíocht an Mhic Léinn agus Tuairisciú Uirthi, tá athchóiriú déanta ar an SCML agus tá dhá Choiste nua bunaithe. Déanann Coiste Airgeadais na Mac Léinn an caiteachas i leith Seirbhísí do Mhic Léinn a athbhreithniú agus a leithdháileadh, agus forbraíonn an Coiste um Eispéreas na Mac Léinn beartais chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn le linn a mblianta staidéir.

Tacaítear leis na seirbhísí seo a leanas:

- Seirbhís leighis (Dochtúir agus Altra)
- Seirbhís chomhairleoireachta
- Seirbhís Ghairmthreorach
- Oifigeach Spóirt agus Áineasa
- Ceardlanna Scribhneoireachta agus Scileanna Taighde
- Aontas na Mac Léinn
- Clubanna agus Cumainn

Chomh maith leis an méid thuas, tá Ciste Lánroghnach i bhfeidhm ag an Institiúid chun cabhrú le mic léinn a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu. Déantar gach iarratas faoi rún daingean.

Ullmhaíonn gach seirbhís tuarascáil bhliantúil ar a cuid gníomhaíochtaí don bhliain. Luaitear thíos na príomhphointí ó gach Tuarascáil Bhliantúil.

An Oifig Rochtana

- Cuireann an Oifig Rochtana tacaíocht ar fáil do na grúpaí mac léinn seo a leanas:
 - foghlaimeoirí aosacha
 - mic léinn faoi mhíchumas
 - lucht fágála scoile faoi mhíbhuntáiste sóisialta
 - mionlaigh eitneacha / daoine den lucht siúil
 - tuismitheoirí aonair
 - tionscnaimh phobail.
- Leithdháileadh cistiú ar 265 mac léinn tríd an gCiste Cúnta do Mhic Léinn in 2011/12.

- Tháinig méadú arís eile in 2011/12 ar líon na mac léinn a dhearbhaigh go bhfuil siad faoi mhíchumas, agus is ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire atá an ráta is airde rannpháirtíochta is tír, arb ionann é agus 8.9%.
- Tháinig Grúpa Oibre Rochtana na hInstitiúide le chéile cúig huaire in 2011/12, agus breithníodh raon saincheisteanna a bhaineann le rochtain a sholáthar do mhic léinn.
- Trí Thimthriall 1 agus 2 de Chuntais Díomhaoine na hInstitiúide, leanadh ar aghaidh ag cur trí shraith tacaíochta ar fáil do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachais, lena n-áirítear tionscnaimh choinneála, oideachas réamh-iontrála agus na cláir ealaíne for-rochtana i gcomhair grúpaí áitiúla don Lucht Siúil, cláir a bhain rath agus gradaim amach.
- Cuireadh tús le cúig chlár *Springboard* san fhómhar, lenar tairgeadh an deis do 46 duine dífhostaithe cur lena gcuid scileanna, oiliúint a bhaint amach i réimse eile, agus ullmhú don mhargadh oibre.
- Lean an Oifig Rochtana ag déanamh nasc le grúpaí pobail áitiúla lena n-áirítear Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath, Comhpháirtíocht Bhré, an Oifig um Oideachas Aosach – Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire, an tAonad um Chuimsiú Sóisialta (Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin), UNITE (Tionscadal Dhún Laoghaire do Dhídeanaithe), AONTAS (An Cumann Náisiúnta don Oideachas Aosach), An Óige i mBaol (Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath) agus an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas, Seirbhís Threorach Dhún Laoghaire don Oideachas Aosach.

Teicneolaíocht Chúnta

- Chuir an tseirbhís Teicneolaíochta Cúnta tacaíocht ar fáil do níos mó ná 100 mac léinn in 2011/2012, trí réimse teicneolaíochtaí lena n-áirítear ríomhairí glúine agus bogearraí tiomnaithe Teicneolaíochta Cúnta.
- Áirítear leis na Teicneolaíochtaí Cúnta a úsáidtear go minic iad seo a leanas:
 - Crua-earraí – Ríomhairí Glúine, Foclóir agus teasáras leictreonach, Scanóirí le haghaidh téacs a athrú go dtí téacs leictreonach agus Deachtafóin
 - Bogearraí – *Read and Write Gold 9* (Bogearraí um chúnamh litearthachta), *Ginger* (bogearraí néalbhunaithe um chúnamh litearthachta); *Dragon Naturally Speaking 11.5* (Bogearraí deachtaithe guth go dtí téacs); *Mindmanager* (Bogearraí meabhairmhapála); Formhéadaitheoirí scáileán, *PDF Aloud*, agus *MS Word* arna úsáid lena chuid gnéithe inrochtaineachta.
- Cuireadh oiliúint in úsáid na teicneolaíochta cúnta ar fáil do mhic léinn in 2011/2012 trí sheimineáir agus ar bhonn duine le duine. Múineadh mic léinn trí úsáid a bhaint as Córas VAK (Córas Ciosamhairc Cinéistéiseach).

Seirbhís Chomhairleoireachta: Tuarascáil Bhliantúil

- Chuaigh 166 mac léinn as 2084 mac léinn cláraithe i mbun conradh sícíteiripeach in 2011/2012.
- Ba ionann meánfhad conartha agus 3 sheisiún agus ba ionann líon na scoláirí a ghlac páirt i gconarthaí sínte ó mheasúnú cliniciúil agus 5-10%.
- Taispeántar thíos an céatadán mac léinn a d'fhreastail ar an tSeirbhís i gcomhair 2011/12: Scoil na nEalaíon Cruthaitheach 8%; Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí 6%, agus Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha 7%.

Seirbhís Altranais: Tuarascáil Bhliantúil

- Tá Ionad Sláinte na Mac Léinn ag feidhmiú anois le 14 bliana anuas, agus é ag soláthar cúram leighis agus altranais ar an gcampas do mhic léinn chlárúithe Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.
- Feictear cásanna éigeandála de réir mar a thagann siad chun cinn, agus bíonn coinní neamh-phráinneacha ar fáil de ghnáth laistigh de 1-3 lá. Bíonn táille €10 i bhfeidhm le haghaidh comhairliúcháin dochtúra, ach ní ghearrtar aon táillí comhairliúcháin le haghaidh comhairliúcháin leis an Altra.
- Cuireadh 3,048 comhairliúchán altranais ar fáil do mhic léinn le linn na bliana acadúla 2011/2012.
- Cuireadh 1,081 comhairliúchán dochtúra ar fáil, agus b'fhir iad 269 de na hothair agus ba mhná iad 812 díobh.
- I measc na limistéar a aithníodh mar chinn a bhfuil tábhacht ag baint leo do mhic léinn, tá pleanáil clainne, scagthástáil sláinte ghnéis, fadhbanna dúlagair nó meabhairshláinte a dhiagnóisiú, agus riochtaí ainsealacha.

An tSeirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde: Tuarascáil Bhliantúil

Trí sholáthar na Seirbhíse Scríbhneoireachta agus Taighde, léirítear feasacht na hInstitiúide ar an éagsúlacht riachtanas atá ag teacht chun cinn i measc na mac léinn agus a beartas cuimsithe maidir leis na mic léinn go léir dá cuid, lena n-áirítear mic léinn a bhfuil Saindeacracht Foghlama acu, agus na hoibleagáidí reachtúla i ndáil le freastal ar riachtanais agus teidlíochtaí mac léinn. Feidhmíonn an tSeirbhís ar roinnt leibhéal ar fud na hInstitiúide chun raon cuimsitheach tacaíochtaí a chur ar fáil do mhic léinn, lena n-áirítear Measúnuithe Riachtanais a sholáthar, tacaíocht d'arratais ar chistiú, Socruithe Scrúdaithe, idirchaidreamh a dhéanamh le ceannairí roinne, comhordaitheoirí cúrsa agus léachtóirí maidir le deacrachtaí mac léinn.

- Is iad cuspóirí na Seirbhíse cabhrú le mic léinn a ngealltanas iomlán a chomhlíonadh, éileamh ar acmhainní foirne a laghdú agus a chinntiú go gcomhlíontar caighdeáin um riachtanais na gcúrsaí. Baintear é sin amach trí

mheascán de sheimineáir ar ábhair imní do mhic léinn, ranganna teagaisc duine le duine i gcás deacrachtaí atá ag mic léinn aonair, agus soláthar áiseanna tacaíochta do mhic léinn a bhfuil Saindeacracht Foghlama acu nó a bhfuil Disléicse orthu.

- I measc na seimineáir a cuireadh ar fáil, bhí seimineáir ar ghlacadh nótaí, teicníochtaí léitheoireachta, aistí a scríobh, stíl acadúil, cúrsaí tagartha, scileanna taighde agus straitéisí léitheoireachta, bainistíocht ama, spriocanna a leagan agus spriocdhátaí, teicnící agus straitéisí i gcomhair scrúduithe, scileanna láithreoireachta agus seimineáir a bhain go sonrach le cláir ar leith.
- Chomh maith le saintacaíocht a sholáthar, cuireann an tSeirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde seirbhís scagthástála ar fáil ar bhonn atreoraithe ón bhfoireann d'fhonn soiléiriú a fháil ar cé na deacrachtaí atá ag mac léinn. Chun Disléicse nó Saindeacracht Foghlama a dhiagnóisiú go críochnaitheach, is gá do shíceolaí oideachais measúnú iomlán a dhéanamh.
- Le linn 2011/12, bhí an tSeirbhís ar fáil do mhic léinn cúig lá in aghaidh na seachtaine, agus bhí seisiún tráthnóna amháin ar fáil. Trí mhéadú a dhéanamh ar líon na n-uaireanta a chloig, cuireadh ar chumas na Seirbhíse freastal ar an ardú mór ar líon na mac léinn a cláraíodh den chéad uair agus forbairt a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta do mhic léinn a bhfuil Saindeacracht Foghlama acu.
- Oibríonn an tSeirbhís go dlúth leis an Oifigeach Rochtana agus cinntíonn siad, i gcomhpháirtíocht lena chéile, go gcuirtear i ngníomh gach cistiú agus gach tacaíocht ón gCistiú Seachtrach, Ciste ESF na hOifige Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas.
- Le linn 2011/12, rinne an tSeirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde dhá chur i láthair don fhoireann mar chuid de Chlár Oiliúna Foirne na hInstitiúide: 'Supporting Students with SpLD's' agus 'Students with Asperger's Syndrome'.
- Bíonn an tSeirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha amhail AHEAD, an Oifig Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas, agus Cumann Disléicse na hÉireann.
- In 2011/2012, chláraigh 175 mac léinn a bhfuil saindeacrachtaí foghlama acu leis an tSeirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde. Is méadú é sin de thart ar 5% ar fhigiúr 2011/2012, tráth a chláraigh 167 scoláire leis an tseirbhís.
- I bhfigiúirí a chuir Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil, díritear aird ar mhéadú bliain ar bhliain ar líon na mac léinn a bhfuil saindeacrachtaí foghlama acu agus a ndéantar socruithe ar leith dóibh i gcomhair na hArdteistiméireachta. Dá bharr sin, tá méadú mór tagtha ar líon na mac léinn a bhfuil Saindeacracht Foghlama acu a ghlacann páirt san ardoideachas.

An tSeirbhís Chomhairle Ghairme: Tuarascáil Bhliantúil

- Cuimsíonn obair na Seirbhíse Comhairle Gairme cruinnithe duine le duine le mic léinn, fiosrúcháin ó mhic léinn, cuairteanna ar sheomraí ranga agus láithreoireachtaí faoi ghairmeacha, Clár Oideachais faoi Ghairmeacha – láithreoireachtaí agus aoichainteoirí am lóin, teagmháil le fostóirí lena n-áirítear fógraí faoi dheiseanna fostaíochta a sholáthar do mhic léinn agus do chéimithe, Aontaí Gairmeacha d'Iarchéimithe, forbairt bunachair sonraí chun teagmháil idir iarchéimithe agus fostóirí a éascú, Suirbhéanna ar Chinn Scríbe na gCéimithe.
- Tháinig laghdú 6% go dtí 176 ar líon na gcoinní comhairliúcháin gairme do 2011/12, agus clúdaíodh réimsí lena n-áirítear roghanna clár/ábhar, tarraingt siar/iarchur ó chlár, dul chun cinn ó Leibhéal 7 go Leibhéal 8, staidéar iarchéime, straitéisí maidir le post a chuardach, obair agus taisteal thar lear, CV agus iarratais, agallaimh, taithí oibre, obair pháirtaimseartha nó obair shamhraidh agus scoláireachtaí.
- Fuarthas 165 ceist ar an ríomhphost i rith na bliana, arbh ionann é agus méadú 11.5% ar 2011/12.
- Úsáideadh na meicníochtaí seo a leanas chun mic léinn a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí na Seirbhíse Gairmeacha:
 - Suíomh Idirlin Aontas na Mac Léinn (an clár post go háirithe)
 - Cuairteanna agus láithreoireachtaí ranga
 - Teagmháil ríomhphoist trí Bhunachar Sonraí na Seirbhíse Gairmeacha
 - Nasc Facebook ar shuíomh Gréasáin na hInstitiúide
 - Clár fógraí ar fud na hInstitiúide
- Sa Chlár um Oideachas faoi Ghairmeacha, cuirtear idir léachtaí am lóin agus láithreoireachtaí díreacha do ghrúpaí ranga ar fáil (grúpaí bhliain an cháiliúcháin) – áiríodh leis na láithreoireachtaí Pleanáil Gairme sa Bhliain Deiridh, 'Employability Skills' agus 'Taking Control of Your Future – How to Recession-Proof Your Career'. Áiríodh leis na láithreoireachtaí ó chainteoirí seachtracha 'Working/Volunteering Abroad' agus 'ITS Happening Here'.
- In 2011, tugadh faoin Suirbhé bliantúil ar Chinn Scríbe na gCéimithe i measc chohórt céimithe 2010. Fuarthas sonraí úsáideacha de thoradh an tsuirbhé agus leanfar ag tabhairt faoi shuirbhéanna ar chinn scríbe tosaigh na gcéimithe.

3.7.2 Aontas na Mac Léinn

I mí na Samhna 1998, bunaíodh Aontas na Mac Léinn ag an Institiúid chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na mac léinn agus iad ag déileáil le húdarás na hInstitiúide, agus chun cur le saol sóisialta agus cultúrtha na mac léinn ar an gcampus. Tá Aontas na Mac Léinn cleamhnaithe le USI. Tá trí ról shabóideacha i gceist in Aontas na Mac Léinn:

Uachtarán: David Edwards

Leas-Uachtarán (Leas): Jon Mills

Leas-Uachtarán (Oideachas): Lisa Murphy

4. Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

4.1.1 Forbairtí Ginearálta

Údarás Tarmligthe do Chláir Iarchéime Mhúinte Leibhéal 9 – I Meán Fómhair 2011, d'aontaigh an NOAI le HETAC, faoi alt 29(5) d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999, go dtabharfaí Údarás Tarmligthe i leith cáilíochtaí a bhronnadh d'Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire maidir le clár mhúinte ar Leibhéal 9.

Creidiúnú ó Institiúid Innealtóirí na hÉireann – I mí Mheán Fómhair 2011, fuair an Institiúid creidiúnú ó Institiúid Innealtóirí na hÉireann don Bhaitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc.

Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPP) – I mí na Samhna 2011, d'fhógair an Rialtas na ciorruithe cistiúcháin a raibh cur ar fionraí na CPP ina thoradh orthu. Bhí tionchar aige sin ar thógáil bheartaithe foirgnimh chun cúrsaí Meán Digiteach a mhúineadh (agus tógáil bialainne nua), halla ilchuspóirigh agus ceardlann.

4.1.2 Tionscadail

European Network Growing A Generation of screen Entrepreneurs (ENGAGE) – Bhí an 5ú sraith bhliantúil de Cheardlanna ENGAGE ar siúl ar an gcampas idir Déardaoin an 19 Aibreán agus an 21 Aibreán, 2012. Tionscnamh comhoibríoch idir Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire agus institiúidí ardoideachais san Albain, san Eastóin agus san Fhionlainn is ea ENGAGE. Cuirfear isteach an t-iarratas ar chistiú le haghaidh an 5ú sraith ENGAGE sula bhfada agus táthar ag súil cur leis an tionscadal a thuilleadh sa chéim seo.

Ceardlanna um Bogearraí Beochana na Scoile Scannán Náisiúnta – Bhí an chéad Acadamh Beochana de chuid na Scoile Scannán Náisiúnta ar siúl san Institiúid i samhradh na bliana 2012, i gcomhar le Boulder Media agus le tacaíocht ó Bhord Scannán na hÉireann. Eagraíodh an tAcadamh do dhaoine gairmiúla tionscail mar fhreagra ar riachtanais thionscal na Beochana.

Tionscadal Brandála Dhún Laoghaire – Mar chuid de Thionscadal Brandála Dhún Laoghaire, tugadh cuireadh do mhic léinn de chuid na hInstitiúide a bhí ag gabháil den chlár Gnó sa Bhainistíocht Ealaíon fáilte a chur roimh chuairteoirí a tháinig ar roinnt long chúrsála ag deireadh earraigh agus ag tús samhraidh na bliana 2012.

Tionscadal an Lucht Siúil – Moladh tionscadal na hInstitiúide le Grúpa Óige Lucht Siúil Chomhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath, agus bhuaigh siad trí cinn de Ghradaim don tionscadal dá gcuid, 'Around the Block', a ndearnadh cur síos air ar chlár Nationwide RTÉ agus Raidió Pobail Dublin South FM. Cuireadh tús leis an tionscadal le smaoinemh maidir le cluiche boird a fhorbairt a bheadh cosúil le

nathracha agus dréimírí, agus bhí roinnt uaireanta an chloig líníochta, péinteála, samhaltaithe agus idirphlé i gceist leis faoi threoir Theagascóra Ealaíne na hInstitiúide, Natascha Fischell.

Dearbháin Nuálaíochta

I rith na bliana, chuir baill foirne na hInstitiúide 10 dtionscadal i gcrích faoi Scéim Dearbhán Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann. Faoin tionscnamh sin, is féidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide na hÉireann dearbhán ar fiú €5,000 é a fháil, dearbhán a úsáideann siad chun comhpháirtíocht taighde agus forbartha le hInstitiúid ardoideachais a chistiú. Bhí réimsí éagsúla i gceist leis na tionscadail a rinne an Institiúid, lena n-áirítear forbairt feidhmchlár, dearadh comhéadan úsáideora agus forbairt cluichí. Tá clár maith tionscadal ullmhaithe ag an Institiúid don bhliain 2012-13.

SeeSearch

I mí na Samhna, 2011 bronnadh cistiú ar an tionscadal SeeSearch ó chiste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann 2011 ar feadh tréimhse 12 mhí. Faoin tionscadal, atá bunaithe i gCiúib na Meán in Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, déanfar tuilleadh forbartha ar thaighde a rinne Hilary Kenna (Léachtóir sa Chumarsáid Amhairc) ar léirshamlú an chuardaigh trí uirlis chuardaigh agus fionnachtain a fhorbairt do leabharlanna. Úsáideann SeeSearch léirshamluithe idirghníomhacha chun torthaí cuardaigh a thaispeáint ionas gur féidir le húsáideoirí teacht ar an rud go díreach atá uathu, agus gur féidir leo comhthéacs níos leithne na dtorthaí bainteacha go léir a fheiceáil agus a thuiscint ag an am céanna. Tá ceathrar ball foirne á gcistiú i láthair na huair faoin tionscadal: Hilary Kenna mar Phríomhthairbhí (ar iasacht lánaimseartha), forbróir amháin lánaimseartha, cúntóir taighde páirtaimseartha agus intéirneacht samhraidh. Tá an tionscadal á chistiú go dtí deireadh Eanáir 2013.

4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha

Mic Léinn Erasmus – Le linn 2011/12, tháinig deichniúr mac léinn chun staidéar a dhéanamh in Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire ón bhFrainc, ón nGearmáin agus ón Ungáir i réimsí an Bhéarla, na Meán agus Staidéar Cultúrtha, na Grianghrafadóireachta, an Ghnó agus i réimse an léirithe Scannán agus Teilifíse. Chuaigh cúigear de mhic léinn Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha chun staidéar a dhéanamh sa Tuirc, chuaigh duine amháin de mhic léinn Scoil na nEalaíon Cruthaitheach go dtí an Ghearmáin agus chuaigh triúr mac léinn ó Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí go dtí an Fhrainc.

Léachtóirí NFS ar Cuairt – I measc na léachtóirí a thug cuairt ar champas na hInstitiúide, bhí Penny Eyles (easpag scripte) [20/10/11], Sinead Cusack (aisteoir) [26/10/11], Oliver Hirschbiegel (stiúrthóir) [22/11/11], Brenda Chapman (beochantóir a bhfuil gradaim buaite aici) [17/02/12], Anca Damian (beochantóir/stiúrthóir ón Rómáin) [17/02/12], Alison Owen (léiritheoir scannán agus teilifíse) [28/02/12], agus Tony Lawson (eagarthóir scannán) [27/03/12].

An Chomhdháil *Interaction 12* – Bhí an Chomhdháil *Interaction 12*, arna comh-óstáil ag an Institiúid, ar siúl i mBaile Átha Cliath idir an 1 agus an 4 Feabhra. Bhí roinnt ceardlanna i gcomhair níos mó ná 500 toscaire ar siúl ar an gcampas ar an 1 Feabhra, agus ghlac thart ar 800 toscaire ó 33 tír páirt in imeachtaí na laethanta eile a bhí ar siúl in Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath. Le linn na comhdhála, rinneadh scrúdú ar fhorbairtí maidir le hidirghníomhaíocht daoine le ríomhairí, taithí úsáideora agus dearadh idirghníomhaíochta, agus ba shin é an chéad uair a tionóladh an chomhdháil sin lasmuigh de na Stáit Aontaithe.

Tionscnamh Choláistí Ontario – I mí na Samhna 2011, bhí an tUachtarán ar thoscaireacht IoTI a thug cuairt ar Ontario i gCeanada. Mar chuid den chuairt sin, síníodh comhaontú trinar féidir le mic léinn ó choláistí Ontario gabháil do chéimeanna onóracha agus staidéir iarchéime le hInstitiúidí Teicneolaíochta na hÉireann a bhfuil comhaontuithe comhaltúcháin déanta acu le coláistí in Ontario. Cuireadh comhaontuithe comhaltúcháin i bhfeidhm ina dhiaidh sin le haghaidh staidéar gnó agus staidéar teicneolaíochta. Cuireadh grúpa oibre ar bun chomh maith le breithniú a dhéanamh ar aontuithe i réimsí na cumarsáide amhairc agus an dearaidh.

Springboard – Le linn 2011/12, faoi thionscnamh náisiúnta *Springboard* an rialtais dóibh siúd atá dífhostaithe nó a chaill post le déanaí de bharr na hiomarcaíochta, cuireadh 25 áit ar fáil i roinnt clár sna réimsí seo a leanas: an Gnó agus an Fhiontraíocht, Forbairt Fiontair, Forbairt Bogearraí Móibíleacha, Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí agus Trádáil Ghnó ar Líne. Tá ceann de na cláir ghnó á reáchtáil i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Thamhlachta agus ceann eile le Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire / Rath an Dúin.

Gradaim Scannán FÍS – Ar an 16 Samhain 2011, bhí Ócáid Bhronnta na nGradam FÍS ar siúl den 7ú huair san Helix DCU, agus ba é an tUachtarán, Micheál D. Ó hUiginn, an t-aoi onóra. Bronnadh Gradaim um Éachtaí den Scoth maidir le Déanamh Scannán ar cheithre scoil is fiche (700 leanbh), agus bronnadh Gradam Aileen MacKeogh um Éacht den Scoth maidir le Déanamh Scannán ar Scoil Náisiúnta Ballyadams, Cill Dara le haghaidh an scannáin a rinne siad, 'Nightmare in Toytown'.

School in a Box (SIAB) – Le linn 2011/12, leanadh leis an bhforbairt ar an tionscadal *School in a Box*, agus síníodh Meabhrán Tuisceana idir Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire agus an Cape Peninsula University of Technology (CPUT). Foráiltear sa Mheabhrán Tuisceana le haghaidh oiliúna agus forbartha cúltaca do gach suíomh ina mbeidh SIAB á úsáid. Rinneadh comhaontú leis an gcuideachta Éireannach BPI Telecom maidir le dáileadh domhanda chomh maith. Ar an 20 Feabhra, 2012, ghlac a Shoilse, an tUasal AJD Ndou, Ambasadóir na hAfraice Theas in Éirinn, le SIAB ag Ambasáid na hAfraice Theas i mBaile Átha Cliath ar son CPUT. Ba é an chéad choinsíneacht de 15 n-aonad a bheidh á n-úsáid ag CPUT i dtrí scoil tuaithe san Afraic Theas. Rinne mic léinn ón chlár an Bhaitisiléara Ealaíon (Onóracha) sa Chumarsáid Amhairc de chuid na hInstitiúide athbhreithniú ar an lógó agus an suíomh Gréasáin i gcomhair an tionscadail sin.

Semele – D'oibrigh mic léinn an tríú bliain ón chlár an Bhaitisiléara Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin i gcomhpháirtíocht

le hAcadamh Ríoga Ceoil na hÉireann ar an léiriúchán dá gcuid ar an gceoldráma SEMELE, le Handel, a bhí ar siúl ag Eaglais Naomh Werburgh, Baile Átha Cliath ar an 18 Eanáir, 2012. Rinne na mic léinn Dearaidh Feisteas dearadh agus tógáil ar na feistis, a raibh cuma shonrach orthu, agus rinne na mic léinn Smididh an smideadh (agus an ghruaig, lena n-áirítear peiriúici) a dhearadh agus a chur ar na comharthóirí. Thug mic léinn Dearaidh Léirithe cúnamh don dearthóir seit agus soilsithe gairmiúil.

An Chomhdháil Media Future 2012 – Bhí Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire ina 'hUrraitheoir airgid' don Chomhdháil *Media Future 2012* a bhí ar siúl i nDún Laoghaire ar an 14 agus an 15 Bealtaine 2012. Tháinig roinnt den lucht meán is mó le rá ar domhain le chéile i gcomhair an imeachta. Ba iad Ken Wardrop agus Andrew Freedman (céimithe chlár an Bhaisiléara Ealaíon [Onóracha] sa Léiriú i gcomhair Scannán agus Teilifíse) na príomhchainteoirí, agus chabhraigh mic léinn na hInstitiúide leo siúd a d'fhreastail ar an gcomhdháil.

4.3 Forbairt an Champais

An Bhliain Acadúil 2011-2012

An Scoil Náisiúnta Scannán – Tar éis gur cuireadh McNamara, an príomhchonraitheoir i gcomhair thógáil na Scoile Náisiúnta Scannán, faoi ghlacadóireacht, síníodh conradh le Collen Construction i mí Lúnasa maidir leis an bhfoirgneamh a chríochnú. Tá an tionscadal le tabhairt ar lámh don Institiúid i lár an tsamhraidh 2013. San fhoirgneamh nua, cuirfear 2 stiúideo Teilifíse/Scannán, ionad nua raidió, cúig ghnáthsheomra ranga, stóras scannán/teílifíse agus ceardlann agus oifig ar fáil don Institiúid.

Aonad 3, Cearnóg an Chalafoirt, Dún Laoghaire arna fháil ar Cíos (An Tionscadal Líníochta) – Ar an 15 Meitheamh, 2011, ghlac an Comhlacht Rialaithe rún i ndáil le hAonad 3, Cearnóg an Chalafoirt, Dún Laoghaire a fháil ar cíos ar feadh tréimhse de dhá bhliain acadúla. I mí Mheán Fómhair 2011, d'áitigh an Institiúid Aonad 3, agus bhí ranganna na mac léinn agus taispeántais ar shaothar mac léinn ar siúl ann i rith na bliana.

Áirítear leis na Grúpthaispeántais a cuireadh ar bun mar chuid den Tionscadal Líníochta iad seo a leanas:

Seó grúpa 'Alpha' (17/11/11), 'Assemble Response Action' (24/11/11), 'subliminal' (01/12/11), 'Rara Avis' (08/12/11), 'Art in Schools' (14/12/11), '474: the aesthetics of restriction' (28/03/12), 'Film as Art' (25/04/12), 'Be Still My Beating Heart' (08/05/12), 'Between the Lines' (08/06/12).

Áirítear leis na Taispeántais Aonair a cuireadh ar bun iad seo a leanas:

Felicity Clear (25/01/12), Emma Donaldson (21/02/12), Wendy Judge (15/02/12), Fiona McDonald (29/02/12), Seoidín O'Sullivan (07/03/12), Mark Joyce (19/04/12).

Foirgneamh Modúlach/‘Backlot’ – In 2011/12, nuair a fuarthas cead pleanála, cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana don Fhoirgneamh Modúlach. Cuirfear stiúideo mór ar fáil san fhoirgneamh do Dhámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha. I measc na saoráidí don fhoireann beidh seomraí feistis, cithfholcadáin, seomra triomúcháin agus Seomra Folláine Foirne.

4.4 Bainistiú Sábháilteachta

Feidhmíonn an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta mar choiste comhairleach don Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin maidir le gach gné de shábháilteacht, shláinte agus leas, i ndáil le baill foirne, mic léinn, cuairteoirí agus conraitheoirí. I rith na bliana acadúla 2011/12, d'fhreastail baill foirne ábhartha ar na cúrsaí sábháilteachta seo a leanas: Oiliúint um Nósanna Imeachta Éigeandála maidir le Dóiteáin agus Sábháilteacht, Garchabhair agus oiliúint i leith Cliabhán Ardaithe.

Ar an 20 Deireadh Fómhair 2011, cuireadh druileanna dóiteáin ar bun i dtrí fhoirgneamh an champais agus thug Briogáid Dóiteáin Dhún Laoghaire cuairt taiscéalaíochta ar an gcampas ar an 2 Feabhra, 2012. Cuireadh Oiliúint Marascal Dóiteáin ar chomhaltáí na Foirne Bainistíochta ar an 9 Nollaig, 2011 agus d'aontaigh an Coiste Feidhmíochta go n-ainmneofaí gach duine den fhoireann mar mharascal dóiteáin agus go gcuirfí oiliúint den chineál céanna orthu. Cuireadh oiliúint i réimse na Measúnuithe Riosca ar fáil don Fhoireann Bhainistíochta ar an 20 Márta, agus beartaíodh é a leathnú amach do ghrúpa foirne níos leithne.

Le linn 2011/12, rinneadh tástáil ar gach umar agus gach foinse uisce chun a chinntiú go raibh an t-uisce ar chaighdeán oiriúnach agus é saor ó legionella, de réir na rialachán ábhartha.

5. Pearsanra

5.1 Líon na mBall Foirne

Tá na figiúirí bunaithe ar ríomhanna um Choibhéis Lánaimseartha (CL) *

| | <u>2011/12</u> |
|--|----------------|
| Acadúil | 117 |
| Taighde | 11 |
| Bainistíocht, Riarachán agus Leabharlann | 46 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | 6 |
| Tacaíocht Theicniúil | 12 |
| Tacaíocht Neamh-theicniúil | <u>12</u> |
| Iomlán | <u>204</u> |

In 2009, chuir an Rialtas i bhfeidhm an tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2), lenar foráladh d'uasteorainn rialaithe fostaíochta d'Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. I gcás na bliana 2011, b'ionann an uasteorainn le haghaidh na hInstitiúide agus 192.04 CL.

* *Áirítear sna hiomláin poist chistithe i dteannta leis an gCreat Rialaithe Fostaíochta*

5.2 Éachtaí Foirne

5.2.1 Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Donald Taylor Black

- In 2012, rinne Donald Taylor Black léiriú ar an gclár faisnéise dar teideal 'SKIN IN THE GAME', a bhí cistithe ag Bord Scannán na hÉireann. Bhí roinnt céimithe agus ball foirne agus iarbhall foirne le feiceáil sa chlár faisnéise, atá faoi ealaíontóirí atá ag dul i ngleic leis an gcúlú geilleagrach agus an ngéarchéim airgeadais atá ann faoi láthair ina gcuid oibre. Tá sé ar an sceideal lena thaispeáint ag an *Corona Cork Film Festival* i mí na Samhna 2012.

An Dr Mark Curran

- Bronnadh an príomhtionscadal air in 'Lockout 2013', lena ndéantar comóradh ar chothrom céad bliana Fhrithdhúnadh Bhaile Átha Cliath 1913. Tá an tionscnamh sin urraithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ag an gComhairle Ealaíon trí Dhámhachtain Tionscadail i réimse na nAmharcealaíon. (2011)
- Bhronn Cultúr Éireann Sparánacht Rialtas na hÉireann air (2011)
- 'Ausschnitte aus EDEN/Extracts from EDEN: Multivocality/Montage and the Framing of Utopia' – An Chéad Chomhdháil Idirnáisiúnta um Thaighde Grianghrafadóireachta i Heilsincí, An Scoil Ealaíne agus Dearaidh, Heilsincí, An Fhionlainn (Márta 2012)
- 'Between Nature and Culture: Photography as Mediation and Method' – Eochairléacht, The Photographers Gallery, Londain (Meitheamh 2012)

- Suiteáil dar teideal 'Ausschnitte aus EDEN' mar chuid den Encontros da Imagem, Braga, an Phortaingéil agus den chlár PHOTOIRELAND 2012, Baile Átha Cliath (Iúil 2012)
- Bhí 'Long Way To Paradise' ina chuid de PHOTOIRELAND 2011, Baile Átha Cliath agus den BelfastPhotoFestival 2011 (Lúnasa 2012)
- Bhí 'A Picture from Home' ina chuid den ghrúpthaispeántas Schaden.Com, Paris Photo, an Fhrainc (Samhain 2011)
- Bhí 'Human/Nature: Landscape Photography' ina chuid de Bhailiúchán Stáit Oifig na nOibreacha Poiblí, Teach Farmleigh, Baile Átha Cliath (Samhain 2011)

An Dr Irene Connolly

- Alt foilsithe san *Irish Journal of Psychology* dar teideal 'Cyberbullying in Irish Schools: An investigation of personality and self-concept'. (Iúil 2012)

An Dr Linda King

- Bronnadh an gradam 'Eye' de chuid Institiúid na nDearthóirí in Éirinn (IDI) uirthi le haghaidh an mhéid a rinne sí ar son an Dearaidh in Éirinn mar chuid den fhoireann *Pivot* a rinne taighde ar thairiscint Bhaile Átha Cliath le haghaidh Phríomhchathair Dhearaidh an Domhain 2014. (Samhain 2011)
- 'Beyond the Text: Rethinking Irish Studies Through Design and Visual Culture' – Comhdháil Bhliantúil an *Canadian Association for Irish Studies* (Iúil 2012)

Mark Joyce

Ghlac sé páirt sna taispeántais seo a leanas in 2011/12:

- 'Blood Smears and Stains' ag an *Transition Gallery*, Londain (Nollaig 2011)
- 'Crosscurrent' ag an *Green on Red Gallery*, Baile Átha Cliath (Feabhra 2012)
- 'New Works' (taispeántas aonair) ag an *Green on Red Gallery*, Baile Átha Cliath (Bealtaine 2012)
- 'Making Familiar' ag *Temple Bar Gallery & Studios*, Baile Átha Cliath (Lúnasa 2012)
- 'Hybrid' ag an *RedLine Gallery*, Denver, Colorado, Stáit Aontaithe Mheiriceá (Lúnasa 2012)

Rebecca Roper

- Bronnadh Ánracht Teagaisc DRHEA uirthi chun taighde a dhéanamh ar Eispéireas na Chéad Bhliana. Seoladh an suíomh Gréasáin i Samhain 2012.

David Farrell

- Bronnadh Duais Ghrianghrafadóireacht Curtin O'Donoghue air, ar fiú €5,000 í, ag Taispeántas Bliantúil an Acadaimh Ibeirigh Ríoga (Bealtaine 2012)

Matt Skinner

- Léiritheoir agus stiúrthóir ar an gclár faisnéise, 'Circus Born', a seoladh ar DVD i mí na Nollag 2011. Rinneadh é a choimisiúnú faoin scéim *Documenting the Arts* arna comhchistiú ag an gComhairle Ealaíon agus Bord Scannán na hÉireann, agus taispeánadh den chéad uair é ag Fleadh Scannán na Gaillimhe in 2009.

Bhí foilseacháin ag na baill foirne seo a leanas sa bhliain acadúil 2011/12:

An Dr Linda King, an Dr Mark Curran agus an Dr Irene Connolly

5.2.3 Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí

An Dr Diog O'Connell & an Dr Carol MacKeogh

- Sheol Stephen Rea an leabhar leo dar teideal 'Documentary in a Changing State: Ireland since the 1990s'. (Feabhra 2012)

Kerry McCall

- Ceapadh í ina comhalta den Choiste Taighde / Feachtas Náisiúnta i gcomhair na nEalaíon.
- Ceapadh í ina comheagarthóir ar an iris nua, *Irish Journal of Arts Management and Cultural Policy*, a bheidh á seoladh in Eanáir 2013.

Jennifer Haughton

- Bhuaigh sí an tairiscint maidir le hÉirinn a bheith ina hóstach ar an *International Gathering on Alternatives to Violence* a bheidh ar siúl i gColáiste Mhá Nuad ón 14-20 Iúil 2014.

Bhí foilseacháin/páipéir chomhdhála ag na baill foirne seo a leanas sa bhliain acadúil 2011/12:

An Dr Josephine Browne, an Dr Paula Gilligan, an Dr Catherine Rossiter, an Dr Dióg Uí Chonaill, Kerry McCall, an Dr Jenny McDonnell, an Dr Maria Parsons, an Dr Carol MacKeogh, Selina Guinness, agus an Dr Kelly Davison.

5.2.4 Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Andrew Power

- 'Exploitation of human psychological processes in online crime' (láithreoireacht i gcomhar le G. Kirwan) – UCD (Márta 2012)
- 'Exploitation of decision-making processes and emotional reactions by cybercriminals' (láithreoireacht i gcomhar le G. Kirwan) – An Dara Comhdháil Chibirshíceolaíochta agus Síceolaíochta Ríomhaire, Bolton, An Ríocht Aontaithe. (Iúil 2012)

An Dr Marion Palmer

- I mí na Samhna 2011, bronnadh an Gradam Náisiúnta NAIRTL um Fheabhas sa Mhúinteoireacht uirthi.

An Dr Olivia Hurley

- 'Mental Preparation in Rugby: What do the players say?' – Comhdháil Bhliantúil PSI, Gaillimh
- 'Careers in Sport Psychology' – Aonach Gairmeacha PSI/NIBPS, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach

Sue Reardon

- 'Studio-Based Learning with Smartphones for Novice Programmers' (páipéar i gcomhar le B. Tagney) ag an 10ú Comhdháil Dhomhanda ar Fhoghlaim Mhóibíleach agus Chomhthéacsúil, Béising, An tSín
- 'Careers in Sport Psychology' – Aonach Gairmeacha PSI/NIBPS, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach

John Dempsey

- Thug Google deontas dó ar fiú \$10,000 é chun an Eolaíocht Ríomhaireachta a chur chun cinn sna meánscoileanna.

An Dr Paul Comiskey

- I mí Feabhra 2012, ghlac an Dr Paul Comiskey páirt sa chúrsa *Circuits and Electronics* de cuid MIT, arna reáchtáil ag MITx agus bhain sé amach an chéad áit ina chuid scrúduithe, chomh maith le 12 dhuine eile ó ar fud an domhain.

An Dr Brendan Rooney

- 'The Judgement of emotion and intellectual ability in character dialogue of Blade Runner and Star Trek: The Next Generation' – Comhdháil Dhomhanda AISB/IACAP – Alan Turing, Birmingham, an Ríocht Aontaithe (Iúil 2012)
- Trí bheith i mbun oibre Cumann Síceolaithe na hÉireann, bhunaigh an Dr Rooney an chéad Grúpa Sainspéise do na Meáin, an Ealaín agus an Chibirshíceolaíocht (SIGMAC). Beidh an chéad siompóisiam dar teideal 'Exploring Emotion, Cognition, Relationships and Therapy through the Paradigm of Media, Art and Cyberpsychology' ar siúl i mí na Samhna 2012.

Nicola Fox-Hamilton

- 'A Cross-Cultural Comparison of Deception using Language Analysis in Irish and American Online Dating Profiles' (láithreoireacht i gcomhar leis an Dr Gráinne Kirwan) – An Dara Comhdháil Chibirshíceolaíochta agus Síceolaíochta Ríomhaire, Bolton, An Ríocht Aontaithe. (Iúil 2012)

An Dr John Greaney

- 'First Contact: Encouraging Use of Emergency Contact Details on Mobile Phones' – Comhdháil Mhóibileach HCI 2011, Stócólm (Meitheamh 2012)
- Bronnadh an 3ú Duais air ag Comórtas Dearaidh Mobile HCI, Stócólm (Meitheamh 2012)

An Dr Irene Connolly

- 'Rates of Cyberbullying' – Scoil Samhraidh CyberPsych, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (Meitheamh 2012)
- 'Step into the World of Dyslexia' – Póstaer do Chomhdháil an Líonra Nuálaíochta Foghlama, Baile Átha Cliath (Deireadh Fómhair 2012)
- 'Motivation: The First Year Experience at Third Level' – Póstaer a cuireadh i láthair ag Comhdháil Bhliantúil Acadamh Bainistíochta na hÉireann, Maigh Nuad. (Meán Fómhair 2012)

An Dr Gráinne Kirwan

- 'Prognoses for Diagnoses: Medical Search Online' agus 'Cyberchondria' (láithreoireachtaí i gcomhar le M. Aiken) – Comhdháil Idirnáisiúnta do Mhic Léinn Chúram Sláinte agus Mhíochaine, Coláiste Ríoga na Máinlianna (Samhain 2011)
- 'Exploitation of Human Psychological Processes in Online Crime' (láithreoireacht i gcomhar le A. Power) – UCD (Márta 2012)
- 'The Psychology of Cybercrime' – Comhdháil um Iompar an Duine, Nua-Eabhrac, Stáit Aontaithe Mheiriceá (Meitheamh 2012)

- 'A Cross-Cultural Comparison of Deception using Language Analysis in Irish and American Online Dating Profiles' (láithreoireacht i gcomhar le N. Fox-Hamilton) – An Dara Comhdháil Chibirshíceolaíochta agus Síceolaíochta Ríomhaire, Bolton, An Ríocht Aontaithe. (Iúil 2012)
- 'Exploitation of decision-making processes and emotional reactions by cybercriminals' (láithreoireacht i gcomhar le A. Power) – An Dara Comhdháil Chibirshíceolaíochta agus Síceolaíochta Ríomhaire, Bolton, An Ríocht Aontaithe. (Iúil 2012)

Bhí foilseacháin ag na baill foirne seo a leanas sa bhliain acadúil 2011/12:

Andrew Power, an Dr Irene Connolly, an Dr John Greaney, an Dr Brendan Rooney, agus an Dr Gráinne Kirwan

6. Tuarascálacha Airgeadais

6.1 Ráitis Airgeadais 2011/2012

D'fhaomh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na cuntais iniúchta gan cháiliú ar an 19 Nollaig, 2013

Tá leagan giorraithe de na ráitis airgeadais leagtha amach in Aguisín A.I.

7. Comhionannas Deiseanna

Is fostóir agus soláthróir oideachais comhionannas deiseanna í Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Ní dhéanann sí leithcheal ar bhaill foirne ná ar mhic léinn ar chor ar bith ar bhonn inscne, aoise, cine, creidimh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumais ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá sí tiomanta do bhacainní ar an oideachas a dhíbirt agus do thús a chur le gníomhaíocht dhearfach d'fhonn deiseanna a chruthú agus a fhairsingiú ar bhonn cuimsitheach.

Aguisín A.I.

Leagan Giorraithe de Ráitis Airgeadais 2011/2012

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

| | <u>don bhliain dar críoch</u> <u>an 31 Lúnasa 2012</u> <u>€000</u> | <u>don bhliain dar críoch</u> <u>an 31 Lúnasa 2011</u> <u>€000</u> |
|---|--|--|
| IONCAM | | |
| Deontas Stáit | 7,994 | 8,643 |
| Táillí Teagaisc | 8,021 | 8,574 |
| Amúchadh an Dheontas Chaipitil Iarchurtha | 1,548 | 2,482 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 908 | 1,087 |
| Ioncam Eile | 1,434 | 1,352 |
| Ioncam Aitheanta ó Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn | 250 | 148 |
| Ioncam ó Ús | <u>509</u> | <u>397</u> |
| | <u>20,664</u> | <u>22,683</u> |
| CAITEACHAS | | |
| Ranna Acadúla | 9,490 | 9,120 |
| Seirbhísí Acadúla | 496 | 430 |
| Costais Saoráidí | 2,169 | 2,206 |
| Riarachán Lárnach agus Seirbhísí TFC | 4,217 | 4,931 |
| Costais Ghinearálta Oideachasúla | 309 | 325 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | 686 | 824 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 818 | 983 |
| Ioncam feidhmithe ón gCistiú Tacaíochta do Mhic Léinn | 246 | 165 |
| Dímheas | <u>1,548</u> | <u>1,740</u> |
| | <u>19,979</u> | <u>20,724</u> |
| BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN | 685 | 1,959 |
| LEITHDHÁILTE AR AN gCÚLCHISTE FORBARTHA CAIPITIL | 0 | (244) |
| BARRACHAS CARNACH AMHAIL AN 1 MEÁN FÓMHAIR | <u>7,958</u> | <u>6,243</u> |
| BARRACHAS CARNACH AMHAIL AN 31 LÚNASA | <u>8,643</u> | <u>7,958</u> |

Níl aon ghnúthachain ná aoin chaillteanais aitheanta ann seachas iad siúd atá aitheanta thuas.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus Nótaí 1 go dtí 26.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:

Rónán Ó Muirthile: Cathaoirleach

An Dr Annie Doona Uachtarán

Clár Comhardaithe (Ráitis Airgeadais 2011/2012)

| | <u>2012</u> €000 | <u>2011</u> €000 |
|--|---------------------|---------------------|
| SÓCMHAINNÍ SEASTA | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | <u>34,989</u> | <u>35,853</u> |
| SÓCMHAINNÍ REATHA | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 1,267 | 813 |
| Airgead sa Bhanc agus ar Láimh | <u>11,161</u> | <u>10,566</u> |
| | 12,428 | 11,369 |
| DLITEANAIS REATHA | | |
| Creidiúnaithe agus Speansais Fhabhráithe | | |
| Suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon Bhliain amháin | <u>(2,159)</u> | <u>(1,785)</u> |
| GLANSÓCMHAINNÍ REATHA | <u>10,269</u> | <u>9,584</u> |
| GLANSÓCMHAINNÍ | <u>45,258</u> | <u>45,437</u> |
| ARNA LÉIRIÚ AG: | | |
| Deontais Chaipitil Iarchurtha | 34,989 | 35,853 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 8,643 | 7,958 |
| An Cúlchiste Forbartha Caipitil | <u>1,626</u> | <u>1,626</u> |
| | <u>45,258</u> | <u>45,437</u> |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus Nótaí 1 go dtí 26.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:

Rónán Ó Muirthile: Cathaoirleach

An Dr Annie Doona Uachtarán

An Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid (Ráitis Airgeadais 2011/2012)

| | <u>2012</u> | <u>2011</u> |
|---|-------------|--------------|
| | €000 | €000 |
| Réiteach an bharrachais oibriúcháin leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | |
| Barrachas Oibriúcháin | 685 | 1,959 |
| Ioncam Úis | (509) | (397) |
| Dímheas | 1,548 | 1,740 |
| Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | 0 | 742 |
| Amúchadh ar Dheontas Caipitil Iarchurtha | (1,548) | (2,482) |
| Méadú/Laghdú ar Fhéichiúnaithe | 470 | 84 |
| Méadú ar Chreidiúnaithe | <u>374</u> | <u>127</u> |
| Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | <u>80</u> | <u>1,773</u> |

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

| | | |
|---|--------------|----------------|
| Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | <u>80</u> | <u>1,773</u> |
| Toradh ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísiú Airgeadais | | |
| Ús Faighte | <u>525</u> | <u>240</u> |
| Caiteachas Caipitil | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil | <u>(684)</u> | <u>(3,363)</u> |
| Glan-eis-sreabhadh Airgid ó Chaiteachas Caipitil | <u>(684)</u> | <u>(3,363)</u> |
| Maoiniú | | |
| Deontais Chaipitil Stáit a cairt ar Shócmhainní Seasta | 503 | 2,725 |
| Deontais Athfhillteachta Stáit caite ar Shócmhainní Seasta | 172 | 636 |
| Cistí eile caite ar Shócmhainní Seasta | <u>9</u> | <u>2</u> |
| Glan-insreabhadh Airgid ó Mhaoiniú | <u>684</u> | <u>3,363</u> |
| Méadú ar Airgead Tirim | <u>605</u> | <u>2,013</u> |

Réiteach an Mhéadaithe ar Airgead le gluaiseacht sna Glanchistí

| | | |
|-------------------------------------|---------------|---------------|
| Glanchistí amhail an 1 Meán Fómhair | 10,556 | 8,543 |
| Glanchistí amhail an 31 Lúnasa | <u>11,161</u> | <u>10,556</u> |
| | <u>605</u> | <u>2,013</u> |

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:

Rónán Ó Muirthile: Cathaoirleach
An Dr Annie Doona Uachtarán